# Eleathanach 454

Dé Luain, an 15 Eanáir 2024



## Bliain Úr na Síneach 2024

Sa bhliain 2023 bhí ceiliúradh ar Bhliain Úr na Síneach ar an 22 Eanáir. Beidh an ceiliúradh ar siúl ar an 10 Feabhra 2024 i mbliana!

Is í seo an fhéile is tábhachtaí sa tSín. Bíonn ainmhí luaite le gach bliain ar an bhféilire Síneach. Tá 12 ainmhí ann agus athraíonn an t-ainmhí gach bliain.

Déarfaimid slán le Bliain an Choinín ón mbliain seo caite agus cuirfimid fáilte roimh Bhliain an Dragain, go speisialta dragan na coille.

Mairfidh an fhéile ar feadh 15 lá go hoifigiúil, ach uaireanta leanann an ceiliúradh ar aghaidh ar feadh daichead lá, creid é nó ná creid!

Bíonn a lán féastaí ann agus tugann daoine cuairt ar ghaolta. Bíonn tinte ealaíne, neart spraoi agus spóirt sa tSín agus ar fud na cruinne.

Xinnián hăo (Athbhliain faoi mhaise duit)



## 'Dancing with the Stars'

Tá an clár 'Dancing with the Stars' ar ais ar RTÉ 1 le tamall anuas. Bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí proifisiúnta. Is iad Doireann Garrihy agus Jennifer Zamparelli na láitheoirí.

Is iad Loraine Barry, Brian Redmond agus Arthur Gourounlian na moltóirí. Is iad seo na daoine cáiliúla a bheidh ag damhsa i mbliana; Rosanna Davison, Eileen Dunne, David Whelan, Blu Hydrangea, Miriam Mullins, Laura Fox, Shane Quigley, Davy Russell, Katja Mia, Rory Cowan agus Jason Smyth.

Tá ag éirí go maith leo ar fad! D'éirigh go maith le Eileen Dunne an tseachtain seo caite! Dhamhsaigh sí an Cha Cha. Bhí an ceol go maith freisin – 'Let's Get Loud' le J-Lo. Cé a imeoidh ón gclár an tseachtain seo chugainn?



Seo é Cillian Murphy sa scannan Oppenheimer.

## Gradaim na Golden Globes

Ar an seachtú lá de mhí Eanáir 2024 bhí searmanas bronnta na Golden Globes ar siúl in Hollywood. Bhuaigh Cillian Murphy duais don scannán Oppenheimer.

Tá Gaeilge bhreá ag Cillian agus bhí sé ina aisteoir sa scannán Gaeilge 'Filleann an Feall' sa bhliain 2000.

Tá Cillian ina chónaí i mBaile na Manach i mBaile Átha Cliath. Tá súil againn go mbuafaidh Cillian Oscar i mbliana!

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta